

NA MÁIGHISTRÍ SGOILE A BHÍ SA MÁM

Nuair a bhí an sgéalaidhe Mícheál Breathnach ina ghasúr bhí máighistir sgoile i dTír na Cille in aice leis an Mám agus é i mbun sgoile ann. Bhí sé oilte sa mBéarla agus sa nGaedhilge. Bhí dreatháir ag Mícheál a bhí chúig bhliana níos sine ná é agus d'fhreastal sé an sgoil chuile lá go raibh sé ina stócach mhaith. Bhí shliocht air. Bhí se go maith sa mBéarla agus sa nGaedhilge, i ndon an dá theanga a léigheamh.

Chuaidh an dreatháir go Chicago agus d' eirigh go maith leis. Tá sé beo fós agus mac leis ina shagart de Chumann Íosa agus beirt mhac ina ndligheadóirí. An sgéalaidhe féin ní raibh sé ach dhá bhliain a freastal na sgoile nuair a cailleadh an máighistir. Ó Cuinneagáin a bhí ar an máighistir sin. Is cosmhail gur Gaedhal dílis a bhí ann, mar an dalta sin aige a chuaidh go Chicago bhíodh sé ag obair ar son Chonradh na Gaedhilge thall.

Nuair a cailleadh Ó Cuinneagáin bhí Lord Ardilaun ag iarraidh a bheith ina stiúrthóir ar an sgoil, ó ba é an tighearna talmhan é. Ní ghéillfeadh an sagart paráiste dhó – bhí Mac Éil ina ardeasbog san am. Nuair nach ngéillfeadh an sagart don Tighearna Ardilaun níor ceapadh múinteoir ar bith don sgoil go ceann achair fhada. Tháinig constabla go Tír na Cille a raibh bean aige a bhí ina máighistreás sgoile. Chuir an sagart a' múineadh sgoile í. Chuir Ardilaun amach í agus bhí an sgoil dúnta ar feadh tamaill eile. Annsin ceapadh fear darb ainm Ó Tnúthail as Áth Cinn don sgoil. Múinteoir cliste a bhí sa bhfear seo agus togha Gaedhilge agus Béarla aige. Bhí sé i dTír na Cille gur briseadh é. Aimsir an Land League bhí an tír gríosúighthe go mór. Lá aonaigh an Mháma cuireadh dream saighdiúirí aníos as Gaillimh le sgannradh a chur ar na daoine. Is ar bord soithigh a tháinig siad as Gaillimh go dtí an Mám. Bhí píolóid as Gaillimh aca. Marach go raibh ní fhéadfaidís thigheacht i dtír sa Mám go dtí na oidhche. Casadh an píolóid leis an máighistir sgoile agus le beirt eile san oidhche agus é a'siubhal leis féin. D'ionnsuigheadar é agus bhuaileadar é faoi an soitheach a thabhairt ó Ghailimh leis an saighdiúirí. D'aithnigh sé Ó Tnúthail agus agus fear eile. Rinne sé sgéala ortha. Cuireadh an dlighe ortha agus cionntuigheadh an máighistear sgoile. Fuair sé achar i bpríosún agus briseadh as an sgoil é.

Bhí an sgoil gan máighistir aríst agus ní dheachaidh Mícheál Breathnach ar sgoil ní ba mhó. Bhí beagán Béarla foghlamtha aige ach ba bheag é. Tá sé i ndon an nuachtán a léigheadh ach níor fhoghlaim sé léightheoireacht na Gaedhilge ariamh. Is ón sgoiláire bocht, Pádraic Ó Niadh, ó Mhícheál Seoige, ó Bhrighid Ní Mhaolruadh agus ó Chaitríona Nic Cheannraigh a d'fhoghlaim sé an seanchus agus na sgéalta.

Ó Tnuathail, nuair a briseadh as an sgoil é i dTír na Cille d'iarr muinntir an Mháma air sgoil a chur ar bun dó féin agus ghealladar cuidiú leis. Chuir. Chuir sé sgoil ar bun ag an séipéal i mBéal Atha na mBreac, agus is iomdha sgoiláire maith a mhúin sé. An-mháighistir a bhí ann. An dreatháir ab óige a bhí ag an sgéalaidhe bhí se ag dhul ag an sgoil go raibh sé ina fhear. Annsin chuaidh sé go Chicago.

Cuireadh in ospidéal é am ar bhuail fiabhras é. Bhí sé ar an gceathramha urlár. Le teann an fhiabhrais léim sé amach an fhuinneog agus tháinig sé anuas ón gceathramha urlár den léim sin. Níor marbhuigheadh é ach gortuigheadh go mór é. Tháinig sé abhaile go dtí Mícheál ach níor mhair sé ach dhá bhlian gur cailleadh é.

Bhí Mícheál pósta san am ar tháinig an dreatháir abhaile. Bhí beirt chlainne aca. Ní raibh an saoghal ró-mhaith agus agus dubhairt sé go rachadh sé go Sasana a' saothrú ó tharla fear sa mbaile aige. Chuaidh. Chuaidh sé go Jarrow agus chaith cupla blian ann. Tháinig sé abhaile aríst agus d'fhan sa mbaile go dtí 1914. Bhíodh sé in a cheann ar lucht oibre ar an bóithre. Bhí mac aige timpeall seacht mbliana déag, agus d'éaluigh sé go hAlbain. Bhí faitchíos an domhain ar Mhícheál go dtógfaidhe in arm Shasana é, mar bhí gráin aige ar an gcóta dearg agus lean sé an mac go hAlbain. D'fhan sé in Albain sgathamh, é féin agus an mac ag obair in éindigh.

Ní raibh an pháidhe go maith ann agus d'imthigh an bheirt aca go Jarrow, agus fuaradar obair annsin agus bhí chúig phunt sa tseachtain don sgéalaidhe féin ann. Cailleadh an mac i Jarrow. Tháinig an t-athair abhaile. Le feilméarachta atá sé ó shoin.

23/8/1933